

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

# Junior **CYCLE** for teachers

Acmhainní

NTI

Cnuasgrúpa

2018 -2019



## Clár Ábhar

Obair leis an tSonraíocht NTI go nuige seo .....	3
Aidhmeanna na Sonraíochta do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí .....	3
Pleanáil: Comhoibriú á chur i nGníomh: .....	4
Céimeanna i dtreo Pleanáil Chomhoibríoch.....	5
Treoircheisteanna ar Thorthaí Foghlama a Chomhtháthú ar fud na Snáitheanna .....	6
Gníomhaíocht Phleanála Chomhoibríoch .....	7
Teimpléid i gcomhair Aonad Foghlama.....	9
Teimpléad Pleanáil Chomhoibríoch na Roinne NTI (Tírdhreach) .....	10
Pleanáil á cur i nGníomh: Tascanna agus Gníomhaíochtaí Cumarsáide: .....	11
Príomhghnéithe taisc.....	12
Critíc agus Coigeartú ar an Tasc Seo .....	13
10 gCeist Choitianta maidir le Pleanáil.....	14
Punann Teanga an Scoláire .....	16
Polasaí Úsáide Inghlactha agus Obair Scoláire a Stóráil .....	16
Tacú le Machnamh sa Seomra Teanga.....	17
Machnamh a Scafláil do Scoláirí .....	18
Measúnuithe Rangbhunaithe: Ullmhúchán an Mhúinteora .....	19
Na Gnéithe Cáilíochta do MRB 1: Cumarsáid ó bhéal .....	21
MRB 1: Tuairiscín Sealadach a Bhronnadh.....	22
Aiseolas agus Machnamh an Scoláire .....	23
Na Gnéithe Cáilíochta do MRB 2: Punann Teanga an Scoláire .....	24
MRB 2: Tuairiscín Sealadach a Bhronnadh.....	25
Aiseolas agus Machnamh an Scoláire .....	26
An Tasc Measúnaithe.....	27
Comhoibriú á chur i nGníomh: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair .....	28
Treoirlínte do Chruinniú AFMÁ.....	29
Ag Roinnt Samplaí le haghaidh an Cruinniú Athbhreithniú ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair .....	32
Ord Reatha na Samplaí le haghaidh an Cruinniú Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair .....	33
Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí .....	34
Amlíne do NTI na Sraithe Sóisearaí (Cohórt 2017-2020).....	36

## Obair leis an tSonraíocht NTI go nuige seo

Seal Machnaimh:

- **3** dhóigh ar athraigh mo chleachtas sa seomra ranga i bhfianaise na sonraíochta nua
- **2** cheist atá agam faoin tsonraíocht
- **1** rud tábhachtach ar mhaith liom níos mó a fhoghlaim faoi inniu



## Aidhmeanna na Sonraíochta do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí

Le bheith níos sonraíche spreagann sí an scoláire chun:

- páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí agus i dtascanna teanga lena bhforbraítear an cumas chun an teanga scríofa agus an teanga labhartha a thuiscint
- cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach agus go muiníneach sa sprioctheanga i gcomhthéacsanna coitianta trí mheáin éagsúla
- forbairt a dhéanamh ar a chumas chun struchtúir chúí agus stór focal cuí a úsáid chun críche cumarsáide, idir chumarsáid i scríbhinn agus chumarsáid ó bhéal
- taitneamh a bhaint as taithí foghlama teanga a thabharfaidh cabhair agus spreagadh dó leanúint ar aghaidh ag foghlaim teangacha sa todhchaí
- bheith athmhachnamhach agus neamhspleách ina fhoghlaim teanga agus páirt ghníomhach a ghlacadh i monatóireacht agus i measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta aige
- léirthuiscint a ghnóthú dá chultúr féin agus do chultúir eile
- forbairt a dhéanamh ar scileanna is féidir a chur i bhfeidhm maidir le réimsí eile staidéir agus saoil.

## Pleanáil: Comhoibriú á chur i nGníomh:

Seal Machnaimh: Comhoibriú ... cad é mar atá ag éirí linn?



Bealaí a bhunú le  
bheith ag obair le  
chéile

Fís chomónta a  
chruthú

Pleanáil le Torthaí  
Foghlama



Agus sinn ag pleanáil aonad foghlama, is é a bhíonn dár dtreorú ná Céimeanna do Phleanáil Chomhoibríoch agus na Céimeanna chun Torthaí Foghlama a Chomhtháthú ar fud na snáitheanna.

Ar na leathanaigh a leanas, gheobhaidh tú tacaí a thiocthadh leat a úsáid agus /nó a oiriúnú do do chuid riachtanas féin agus tú ag pleanáil aonad foghlama. Níl na tacaí seo saintreorach.

I bpleanáil na n-aonad foghlama, éascaíonn an cur chuige s'againn an comhoibriú chomh maith le neamhspleáchas an mhúinteora.

Agus sinn ag pleanáil aonaid foghlama, cabhraíonn cur chuige comhoibríoch linn

- torthaí foghlama a roghnú
- príomhfhoghlaim laistigh d'aonad a fhiosrú
- aontú ar an measúnú

Bíonn neamhspleáchas ag múinteoirí agus

- ábhar á roghnú chun tacú le foghlaim scoláire
- tascanna á gcruthú i gcomhair agus i gcuideachta a gcuid scoláirí
- gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama agus modheolaíochtaí á roghnú a oireann dóibh féin agus dá gcuid scoláirí

Is féidir go gcabhródh na teimpléid leat na haonaid foghlama a phleanáil. Chruthaigh muid leaganacha idirghníomhacha ina bhfuil roghchláir anuas chun an phleanáil a dhéanamh níos fusa duit. Tá siad ar fáil i leagan portráide nó tírdhreacha anseo:

[https://www.jct.ie/modern\\_foreign\\_languages/planning\\_resources](https://www.jct.ie/modern_foreign_languages/planning_resources)

## Céimeanna i dtreo Pleanáil Comhoibríoch

### Céim 1

Tóg san áireamh aois agus céim foghlama  
scoláirí



### Céim 2

Roghnaigh na torthaí foghlama

Cad iad na rudaí is mian liom a bheadh ar eolas ag mo scoláirí,  
a thuigfeadh siad agus a bheadh siad ábalta a dhéanamh?



### Céim 3

Comhtháthaigh an fhoghlaim thar na 3 shnáithe ag úsáid  
suas le 4 thoradh foghlama in ngach aonad



### Céim 4

Ailínigh an measúnú leis na torthaí foghlama

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil a fhios acu?



### Céim 5

Roghnaigh gníomhaíochtaí

Cad a dhéanfaidh mé chun iad a chumasú an fhoghlaim a bhaint amach?


## Treoircheisteanna ar Thorthaí Foghlama a Chomhtháthú ar fud na Snáitheanna

*Conas a chuireann mé na torthaí foghlama ó shnáitheanna éagsúla le chéile ar bhealach comhtháite?*

Cabhróidh na ceisteanna seo a leanas:


### Snáithe 1:

- Céard ba mhian liom go mbeadh mo scoláirí ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo?
- Cén chéim ag a bhfuil na scoláirí ina gcuid foghlama?
- Céard a d'fhoghlaim siad go dtí an bpointe seo agus cá háit a bhfuil muid ag dul anois?
- Ar mhaith liom díriú ar scil teanga ar leith nó ar mhaith liom scil gabhchumais a chomhcheangal le scil ginchumais oiriúnach?




### Snáithe 2:

- Céard atá ar eolas acu go dtí seo, ó thaobh teangacha a foghlaim de, a chabhróidh leo?
- Céard atá ar eolas acu go dtí seo, ó thaobh na sprioctheanga de nó ó thaobh phróisis foghlamtha teanga de a chabhróidh leo?



### Snáithe 3:

- Céard é comhthéacs na teanga réadaí ina mbeadh siad in ann cumarsáid a dhéanamh?
- Céard ba mhaith le mo chuid scoláirí fáil amach faoi shaol na dtíortha iasachtacha a baineann lena gcéim agus lena n-aois?



# Gníomhaíocht Phleanála Chomhoibríoch

Bliainghrúpa:

Téarma:

Teideal an Aonaid Foghlama:

Fad measta an aonaid:

T  
o  
r  
t  
h  
a  
í  
F  
o  
g  
h  
l  
a  
m  
a

M  
e  
a  
s  
ú  
n  
ú

G  
n  
í  
o  
m  
h  
a  
í  
o  
c  
h  
t  
a  
í

F  
o  
g  
h  
l  
a  
m  
a

Torthaí Foghlama i bhfócas: (An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo)

## Snáithe 1 Cumas Cumarsáide

1.20 tuairiscí gearra a scríobh faoi imeachtaí, faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thaithí phearsanta a tharla san am atá thart, atá ag tarlú faoi láthair nó a tharlóidh amach anseo, mar aon le téacsanna samhlaíocha a scríobh

## Snáithe 2 Feasacht Teanga

2.1 patrúin teanga amhail ord na bhfocal, an córas briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid

## Snáithe 3 Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha

3.2 fíricí agus figiúirí a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid, mar shampla, sonraí staitistiúla, féilte, aireagáin, daoine cáiliúla

## Torthaí Foghlama ar bith eile i bhFócas don Aonad Foghlama seo

*Foghlaim an scoláire a phlé laistigh de na torthaí foghlama seo*

Measúnú: (Cad í an fhoghlaim a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú laistigh den aonad seo?)

Is féidir le scoláirí taighde a dhéanamh agus fíricí agus figiúirí a úsáid maidir le gné de thír na sprioctheanga ar spéis leo í.

Is féidir le scoláirí cur síos gairid a dhéanamh faoi imeacht i dtír na sprioctheanga ag úsáid ord na bhfocal, córas briathra, litriú agus poncaíocht oiriúnach.

Gníomhaíochtaí Teagaisc & Foghlama: (Na gníomhaíochtaí/modheolaíochtaí a phleanáil. Machnamh ar na cúig scil teanga – Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt, Idirghníomhú Cainte agus Scríbhneoireacht).

*\*Aithnítear sna gníomhaíochtaí an nádúr comhtháite agus an t-ord ina sealbhaítear an dara teanga (gabchumas --> ginchumas ).*

Acmhainní:

Machnamh:

Cad é ar éirigh go maith leis?

B'fhéarr i bhfad dá ...

Cad í an fhorbairt teanga eile a tharla?

Nótaí ar an bpróiseas pleanála go dtí seo





## Teimpléid i gcomhair Aonad Foghlama

### Teimpléad do Phleanáil Chomhoibríoch Roinn na NTI (Portráid)

Bliainghrúpa:

Téarma:

Teideal an Aonaid Foghlama:

Fad measta an aonaid:

T  
o  
r  
t  
h  
a  
í  
F  
o  
g  
h  
l  
a  
m  
a

M  
e  
a  
s  
ú  
n  
ú

G  
n  
í  
o  
m  
h  
a  
í  
o  
c  
h  
t  
a  
í

F  
o  
g  
h  
l  
a  
m  
a

**Torthaí Foghlama i bhfócas:** (An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo)

**Snáithe 1 Cumas Cumarsáide**

1.20 tuairiscí gearra a scríobh faoi imeachtaí, faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thaithí phearsanta a tharla san am atá thart, atá ag tarlú faoi láthair nó a tharlóidh amach anseo, mar aon le téacsanna samhlaíocha a scríobh

**Snáithe 2 Feasacht Teanga**

2.1 patrúin teanga amhail ord na bhfocal, an córas briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid

**Snáithe 3 Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha**

3.2 fíricí agus figiúirí a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid, mar shampla, sonraí staitistiúla, féilte, aireagáin, daoine cáiliúla

**Torthaí Foghlama ar bith eile i bhFócas don Aonad Foghlama seo**

***Foghlaim an scoláire a phlé laistigh de na torthaí foghlama seo***

**Measúnú:** (Cad í an fhoghlaim a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú laistigh den aonad seo?)

**Gníomhaíochtaí féideartha foghlama:** (Na gníomhaíochtaí/modheolaíochtaí a phleanáil. Machnamh ar na cúig scil teanga – Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt, Idirghníomhú Cainte agus Scríbhneoireacht).

*\*Aithnítear sna gníomhaíochtaí an nádúr comhtháite agus an t-ord ina sealbhaítear an dara teanga (gabchumas --> ginchumas)*

**Acmhainní:**

**Machnamh:**

Cad é ar éirigh go maith leis?

B'fhéarr i bhfad dá ...

Cad í an fhorbairt teanga eile a tharla?

## Teimpléad Pleanáil Chomhoibríoch na Roinne NTI (Tírdhreach)



**Bliainghrúpa:**

**Téarma:**

**Teideal an Aonaid Foghlama:**

**Fad an aonaid, go garbh:**

<b><u>Torthaí Foghlama i bhfócas</u></b> (An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo)	<b><u>Measúnú</u></b> (Cad í an fhoghlaim a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú laistigh den aonad seo?)	<b><u>Gníomhaíochtaí Teagaisc &amp; Foghlama</u></b> (Na gníomhaíochtaí/modheolaíochtaí a phleanáil. Machnamh ar na cúig scil teanga – Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt, Idirghníomhú Cainte agus Scríbhneoireacht)	<b><u>Acmhainní</u></b>	<b><u>Machnamh</u></b> Cad é ar éirigh go maith leis?  B'fhéarr i bhfad dá ...  Cad í an fhorbairt teanga eile a tharla?
<p><u>Snáithe 1 Cumas Cumarsáide</u></p> <p><u>Snáithe 2 Feasacht Teanga</u></p> <p><u>Snáithe 3 Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha</u></p> <p><b><u>Torthaí Foghlama ar bith eile i bhFócas don Aonad Foghlama seo</u></b></p> <p><b>Roghnaigh toradh foghlama</b></p> <p><i>Foghlaim an scoláire a phlé laistigh de na torthaí foghlama seo</i></p>		<p><i>*Aithnítear sna gníomhaíochtaí an nádúr comhtháite agus an t-ord ina sealbhaítear an dara teanga (gabchumas --&gt; ginchumas)</i></p>		

## Pleanáil á cur i nGníomh: Tascanna agus Gníomhaíochtaí Cumarsáide:

Anseo thíos, tá teimpléad pleanála atá líonta amach. Sa rannóg bhuí, oibrigh amach cé acu atá ina dtascanna (T)?

Bliainghrúpa:

Téarma:

Teideal an Aonaid Foghlama:

Fad measta an aonaid:

Torthaí Foghlama i bhfócas: (An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa sprioctheanga ag deireadh an aonaid seo)

### Snáithe 1 Cumas Cumarsáide

1.20 tuairiscí gearra a scríobh faoi imeachtaí, faoi ghníomhaíochtaí agus faoi thaithí phearsanta a tharla san am atá thart, atá ag tarlú faoi láthair nó a tharlóidh amach anseo, mar aon le téacsanna samhlaíocha a scríobh

### Snáithe 2 Feasacht Teanga

2.1 patrúin teanga amhail ord na bhfocal, an córas briathra, ainmfhocail, aidiachtaí agus gnásanna litrithe agus poncaíochta a aithint agus cur síos a dhéanamh orthu agus iad a úsáid

### Snáithe 3 Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha

3.2 fíricí agus figiúirí a bhaineann le tír/tíortha na sprioctheanga a aimsiú agus a úsáid, mar shampla, sonraí staitistiúla, féilte, aireagáin, daoine cáiliúla

### Torthaí Foghlama ar bith eile i bhFócas don Aonad Foghlama seo

*Foghlaim an scoláire a phlé laistigh de na torthaí foghlama seo*

**Measúnú:** (Cad í an fhoghlaim a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú laistigh den aonad seo?)

Is féidir le scoláirí taighde a dhéanamh agus fíricí agus figiúirí a úsáid maidir le gné de thír na sprioctheanga ar spéis leo í.

Is féidir le scoláirí cur síos gairid a dhéanamh faoi imeacht i dtír na sprioctheanga ag úsáid ord na bhfocal, córas briathra, litriú agus poncaíocht oiriúnach.

**Gníomhaíochtaí Teagaisc & Foghlama:** (Na gníomhaíochtaí/modheolaíochtaí a phleanáil. Machnamh ar na cúig scil teanga – Éisteacht, Léitheoireacht, Labhairt, Idirghníomhú Cainte agus Scríbhneoireacht)

Úsáideann na scoláirí mataí boird chun focail / nathanna cainte atá ar eolas acu agus an rud a chaithfidh siad a fhoghlaim a fhiosrú

- Éistean scoláirí le spreagthach fuaime nó breathnaíonn ar fhíseán a tógadh ag imeacht / féile. Comhlánaíonn siad bileog shaothair trí phríomheolas a líonadh isteach faoi cheanteidil atá ar fáil.

- Gearrann an múinteoir bróisiúr d'fhéile i dtír na sprioctheanga. Oibríonn na scoláirí i bpéirí nó i ngrúpaí beaga. Léann siad a rannóg ina n-aonar agus ansin oibríonn siad le chéile chun aontú ar roinnt imeachtaí ar mhaith leo freastal orthu.

- Oibríonn scoláirí i bpéirí chun ceisteanna a chur ar a chéile maidir leis an bhféile is fearr leo.

- Úsáideann na scoláirí fíricí agus figiúirí a bailíodh trí thaighde a rinne siad chun alt gairid a scríobh d'iris na scoláirí faoi imeachtaí nó féile a shamlaíonn siad a bhfuil siad ag freastal orthu.

*\*Aithnítear sna gníomhaíochtaí an nádúr comhtháite agus an t-ord ina sealbhaítear an dara teanga (gabchumas --> ginchumas)*

Torthaí Foghlama

Measúnú

Gníomhaíochtaí Foghlama

## Príomhghnéithe taisc

Úsáid an spás anseo thíos chun achoimre a dhéanamh ar phríomhghnéithe tascanna.



### Tascanna; Ag bogadh ar shiúl ó Thopaicí:

Tá tascanna foghlaim teanga bunaithe ar an idé-eolaíocht gurb é an bealach is éifeachtaí chun teanga a theagasc ná foghlaimeoirí a bheith ag úsáid fíorthéanga sa seomra ranga (Willis agus Willis, 2007), agus foghlaimeoirí teanga a fheiceáil mar úsáideoirí teanga ó thús a dturais foghlaim teanga. Chun tascanna a dhéanamh, caithfidh foghlaimeoirí úsáid a bhaint as a gcuid eolais faoin teanga, na straitéisí cumarsáide atá forbartha acu, agus a dtuiscint ar an domhan agus tír na sprioctheanga san áireamh chun sprioc faoi leith a bhaint amach i gcomhthéacs ar leith.

Ní hionann tasc agus ceacht nó gníomhaíocht. Tá níos mó i gceist ná leaganacha agus struchtúir teanga a chleachtadh, bíodh siad ó bhéal nó scríofa.

Nuair a bhíonn foghlaimeoirí teanga i mbun tascanna, baineann siad úsáid as teanga chun sprioc a bhaint amach, agus bíonn foghlaim teanga fiúntach agus follasach dá bharr. Is dhá thaobh den bhonn amháin iad foghlaim teanga agus cumarsáid a dhéanamh (Little et al., 2017).

*“One of the most valuable things we can give a learner: the confidence to have a go, even if their language resources are limited.” (Willis and Willis, 2007)*

## Critic agus Coigeartú ar an Tasc Seo

Anseo thíos, tá rannán pleanáil chomhoibríoch d'aonad foghlama atá líonta amach. Meabhraigh ar phríomhghnéithe taisc, déan cinneadh cé na míreanna den tasc is gá a fheabhsú (féach an cur i láthair)

**Bliainghrúpa:** 2<sup>ú</sup> bliain

**Téarma:**

**Teideal an Aonaid Foghlama:**

**Fad an aonaid:**

Torthaí Foghlama i bhfócas: (An rud is mian liom mo scoláirí a bheith ar eolas acu / a thuiscint / a bheith ábalta a dhéanamh sa spriocheanga ag deireadh an aonaid seo)

### Snáithe 1 Cumas Cumarsáide

1.7 faisnéis shonrach a shainithint i raon téacsanna ina ndéileáiltear le topaicí coitianta

### Snáithe 2 Feasacht Teanga

2.7 monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar a fhoghlaim féin ach úsáid a bhaint as aiseolas a fhaigheann sé chun machnamh a dhéanamh ar ar gá dó a dhéanamh chun feabhas a chur air agus spriocanna a leagan síos le haghaidh feabhais

### Snáithe 3 Eolas Soch-chultúrtha agus Feasacht Idirchultúrtha

3.6 faisnéis a roghnú, a phróiseáil agus a chur i láthair ach teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go cuí agus fírinne agus iontaofacht na faisnéise sin a mheasúnú

### Torthaí Foghlama ar bith eile i bhFócas don Aonad Foghlama seo

1.17 focail a scríobh agus abairtí gearra a chruthú go cruinn ar thopaicí laethúla ach meáin éagsúla (ríomhphoist, litreacha, blaganna, cártaí poist...) a úsáid

### *Foghlaim an scoláire a phlé laistigh de na torthaí foghlama seo*

**Measúnú:** (Cad é an fhoghlaim a ba chóir do scoláirí a bheith in ann a léiriú laistigh den aonad seo?)

Is féidir le scoláirí nuacht shimplí fúthu féin a scríobh ag úsáid ord na bhfocal agus poncaíocht oiriúnach.

Is féidir le scoláirí a gcuid nuachta a roinnt ar ardán ar líne.

Is féidir le scoláirí réimse fíricí a aimsiú agus iad ag léamh nuachta faoina gcuid piaraí.

**Gníomhaíochtaí Teagaisc & Foghlama:** (Na gníomhaíochtaí/modheolaíochtaí a phleanáil. Machnamh ar na cúig scileanna teanga – Éisteacht, Léitheoireacht, Táirgeadh labhartha, Idirghníomhú labhartha agus Scríbhneoireacht)

*Aithnítear sna gníomhaíochtaí an nádúr comhtháite agus an t-ord ina sealbhaítear an dara teanga (gabchumas --> ginchumas)*

### **Machnamh:**

Cad é ar éirigh go maith leis?

B'fhearr i bhfad dá ...

Cad í an fhorbairt teanga eile a tharla?

## 10 gCeist Choitianta maidir le Pleanáil

Sa chéad rannán eile, tá ceisteanna a chuirtear go coitianta maidir le pleanáil. Ní liosta uileghabhálach é ach is féidir go mbeadh sé ina chuidiú.

### 1. **Cá mhéad toradh foghlama atá i ngach aonad? Cá mhéad ceacht a ba chóir a chaitheamh ar aonad?**

Nuair a dhírítear ar 3-4 thoradh foghlama an t-aonad, bíimid in ann an measúnú a ailíniú leis na torthaí foghlama i bhfócas. Má roghnaítear níos mó ná 4 thoradh foghlama, is féidir go mbeimis ag meas inneachair seachas ag díriú ar ar féidir le scoláirí **a dhéanamh** sa sprioctheanga. Níl teorainn leis an líon uaireanta is féidir dul siar ar gach toradh foghlama agus thig díriú ar chodanna den toradh foghlama i ngach aonad foghlama seachas an toradh foghlama *iomlán*. Is féidir go mbeadh 4 cheacht de dhíth corruair agus uaireanta eile oiread le 8 nó 10. Tá sé ag brath ar an ngrúpa scoláirí. Tá tábhacht ag baint le réamheolas sa chás seo. Níl teorainn ar bith leis an líon aonad foghlama is féidir leis roinn na NTI a phleanáil. Tá sé riachtanach mar sin féin an 39 toradh foghlama a chlúdach laistigh de thrí bliana na Sraithe Sóisearaí.

### 2. **An mbíonn sairse ag múinteoirí topaicí a roghnú nuair a thugann siad faoin toradh foghlama?**

Ceann de na príomhdhifríochtaí a bhaineann le NTI na Sraithe Sóisearaí, is ea go dtosaítear an phleanáil uile, mar roinn NTI, leis na torthaí foghlama. Bíonn cead a gcinn ag na múinteoirí ansin an t-ábhar is fearr a oireann do na torthaí foghlama ina seomra ranga a roghnú. Mar sin de, agus muid ag pleanáil aonad foghlama, tosaímid le toradh foghlama amháin, ansin faighimid torthaí foghlama eile a chuireann leis chun an t-aonad a thógáil. Ní mór a bheith soiléir faoin rud a ba mhaith linn a bheith **ar eolas, intuigthe** agus **indéanta** ag an scoláire ag deireadh tréimhse foghlama.

Gníomhaíochtaí is mó atá sa chur chuige seo. A luaithe is a bhíonn na torthaí foghlama socraithe againn, caithfidimid ansin smaoineamh **conas** a léireoidh na scoláirí a gcuid foghlama (bíodh an measúnú ag teacht leis na torthaí foghlama). Mar mhúinteoirí, bainimid úsáid as réimse d'acmhainní chun tacú leis an spriocfhoghlaim.

### 3. **An bhfuil treoirlínte soiléire ann maidir les an méid ábhair/ sonraí atá le clúdach i dtaca le toradh foghlama?**

Is iomaí uair is féidir teacht ar ais chuig gach toradh foghlama, níl aon teorainn leis agus is féidir leat díriú ar chodanna den toradh foghlama sin i ngach aonad seachas ar an toradh foghlama iomlán. Nuair a théann tú ar ais chuig an toradh foghlama sin, is féidir gur ar chuid eile den toradh a bheidh aird anois. Tá an fad ag brath ar an rud atá á theagasc agus cé chomh domhain.

### 4. **An mbeidh dóthain ama thar na trí bliana chun an 39 toradh foghlama a fhorbairt?**

Beidh cinnte, dearadh an tSonraíocht NTI do 200 uair ar chlár ama thar thréimhse trí bliana.

### 5. **Cé mhéad aonad atá le déanamh gach bliain?**

Níl aon uasteorainn ná íosteorainn le haonad foghlama a chlúdach i mbliain ar bith a fhad is go gclúdaítear an 39 toradh foghlama thar na trí bliana.

### 6. **An bhfuil na téacsleabhair nua ag teacht leis an tSraith Shóisearach Nua?**

Tá sé ríthábhachtach a bheith ag obair ón tsonraíocht agus torthaí foghlama á roghnú againn. Is féidir leas a bhaint as téacsleabhar mar acmhainn amháin i measc iliomad acu, chun cabhrú linn na torthaí foghlama a bhaint amach. Is é rud é nach féidir leithead na sonraíochta a léiriú i dtéacsleabhar leis féin. Ar an ábhar sin, moltar téacsleabhar a úsáid go siosmaideach mar acmhainn amháin i measc mórán.

## **7. Luann na torthaí foghlama "topaicí coitianta". Cad iad sin?**

Baineann topaicí coitianta le topaicí atá oiriúnach d'aois agus do chéim an scoláire ar a thuras foghlaim teanga agus atá ábhartha dá shuimeanna agus dá chuid inniúlachtaí. Is fearr topaicí a roghnú a thugann ar an scoláire gnáth-theanga fhiúntach a úsáid. Is topaicí a bhaineann leis an gcomhthéacs ina maireann siad a spreagfaidh na scoláirí agus glacfaidh siad páirt cionn is go mbíonn siad níos toilteanaí labhairt fúthu, taighde a dhéanamh agus dul i ngleic le topaicí a bhfuil spéis acu iontu.

## **8. Cad é a tharlóidh má bhíonn múinteoir ag iarraidh níos mó ama a chaitheamh leis an ngrúpa s'aige agus múinteoirí NTI eile ag bogadh ar aghaidh chuig aonad eile?**

Tá se i gceist go mbeidh múinteoirí NTI ag obair le chéile chun pleanáil agus go n-úsáidfídh siad na torthaí foghlama céanna agus an measúnú céanna (féach an rannán gorm sa teimpléad pleanála). Mar sin féin, tá saoirse agus cead go fóill ag an múinteoir na ceachtanna a oiriúnú dá chuid scoláirí féin. Níltear ag súil go mbeidh scoláirí agus múinteoirí ag déanamh na rudaí céanna ag an am céanna ina gcuid seomraí faoi seach.

## **9. Más mise an t-aon múinteoir Gearmáinise i mo scoil, ar chóir dom comhoibriú le múinteoirí na dteangacha eile?**

Ar mhaithe leis an bpleanáil, ba chóir do mhúinteoirí NTI roinn NTI a bhunú agus a bheith ag pleanáil go comhoibríoch. Má bhíonn múinteoir amháin NTI i scoil, bheadh sé lena leas a bheith ag comhoibriú le múinteoirí ó scoil eile.

## **10. An gcaithfidh tascanna a bheith i ngach aonad foghlama?**

Tá saoirse ag gach múinteoir teagasc agus gníomhaíochtaí a phleanáil dá chuid scoláirí. Tugann tascanna deiseanna do scoláirí an teanga a d'fhoghlaim siad a úsáid i gcomhthéacs fiúntach a bhfuil brí leis. Cabhraíonn sé sin le scoláirí thar am an cumas a fhorbairt chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh sa sprioctheanga. Cinntíonn na torthaí foghlama go ndírímid ar an rud a ba chóir don scoláire a bheith in ann a dhéanamh sa sprioctheanga. (amhail aithint / cur síos /úsáid / míniú srl.) Úsáidtear tascanna ag gach céim foghlama ar fud an aonaid fhoghlama chun na torthaí foghlama i bhfócas a ghabháil i gcomhthéacs fiúntach cumarsáide.

## Punann Teanga an Scoláire

Roimh bhreathnú ar an bhfiseán, déan do mheabhrú ar na príomhghnéithe do Phunann Teanga an Scoláire ag úsáid na Straitéise 6C (Cé/Cad /Cén áit/Cén uair/Cén fáth/Conas) i bPunann Teanga an Scoláire.



## Polasaí Úsáide Inghlactha agus Obair Scoláire a Stóráil

Le linn turas na Sraithe Sóisearaí, gineann scoláirí obair dá gcuid féin agus cuireann i dtaisce í ar líne nó taifeadann agus stóráilann a gcuid múinteoirí í. Sna Nuatheangacha lasachta, tarlaíonn sé sin amanna mar chuid de ghnáthchleachtas an ranga chun teagasc, foghlaim agus measúnú a ghabháil. Sna cásanna seo uile, is gá do mhúinteoirí cloí le Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile (PÚI). Caithfidh treoirínite maidir le sonraí agus Cosaint Páistí a bheith san áireamh i bpolasaí PÚI na scoile.



## Tacú le Machnamh sa Seomra Teanga

Is féidir go mbeadh cuid de na leideanna seo a leanas ina gcuidiú agat agus ag do scoláirí chun straitéisí don mhachnamh a fhorbairt.

### Machnamh don Ghníomh (roimhré)

Cad é is féidir liom a dhéanamh sa teanga cheana?

Cad é atá ar eolas agam faoin teanga a chabhróidh liom?

Cad é a chaithfidh mé a fhoghlaim?

Cad é atá mé ag foghlaim?

Cad iad mo chuid spriocanna?

Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil an fhoghlaim déanta agam?

Cad iad na straitéisí is féidir liom a úsáid chun cabhrú liom foghlaim?

Conas a léireoidh mé an méid atá foghlamtha agam?

### Machnamh á chur i nGníomh (lena linn)

An dtuigim an rud atá mé ag déanamh?

An bhfuil na critéir ratha ar eolas agam?

Cad é a chaithfidh mé a dhéanamh chun feabhas a chur ar mo chuid oibre?

An gá dom athruithe a dhéanamh?

An bhfuil mé ag obair i dtreo na spriocanna atá agam?

### Machnamh faoin nGníomh (ina dhiaidh)

Ar bhain mé amach mo chuid intinní / spriocanna foghlama?

Is é an príomhrud a d'fhoghlaim mé ....

Bhí / Ní raibh dúil agam a bheith ag foghlaim ar an dóigh seo mar....

Cad iad na scileanna a d'fhorbair mé? / Cad iad na scileanna is gá dom a fheabhsú?

Cad é a d'oibrigh / nár oibrigh go maith? Cén fáth?

Cad é a dhéanfainn go difriúil an chéad uair eile? Cén fáth?

Cad iad na tacaí eile a bheadh de dhíth orm chun feabhsú?

### Machnamh ar Aiseolas

Cad é a d'fhoghlaim mé?

Cad é a d'oibrigh go maith?

Cad é is féidir liom a fheabhsú?

Cad é an aidhm / na haidhmeanna a bheidh agam don chéad uair eile?

An bhfuil ceist ar bith agam i dtaca leis an aiseolas a fuair mé?

*Arna oiriúint ó fhoinsí a chruthaigh  
Tionscadal Erasmus+ ATS2020*

## Machnamh a Scafláil do Scoláirí

Agus iad ag forbairt scil an mhachnaimh, caithfidh scoláirí ...

STOPADH

SMAOINEAMH

CIALL A DHÉANAMH

LÉIRIÚ/CUR IN IÚL



## Measúnuithe Rangbhunaithe: Ullmhúchán an Mhúinteora

Chun ullmhú i gcomhar Measúnú Rangbhunaithe, ba chóir do mhúinteoirí dul i dtaithe ar na doiciméid seo a leanas:

- Sonraíocht NTI na Sraithe Sóisearaí
- Treoirínte Measúnaithe
- Foireann Uirlisí don Mheasúnú
- Samplaí anótáilte d'obair scoláirí ([www.curriculumonline.ie](http://www.curriculumonline.ie)).

Measúnú Rangbhunaithe 1: Tugtar faoi Chumarsáid ó Bhéal laistigh de thréimhse trí seachtaine ón 7ú Eanáir go dtí 20ú Bealtaine 2019, mar atá leagtha amach ag an CNCM.

(Níos mó eolais, féach ar [Imlitir 0079 /2018](#)).

Tábla 3: Críoch a chur le Measúnú Rangbhunaithe 1: Cumarsáid ó Bhéal – dátaí tásca

Tréimhse chun oibriú ar Chumarsáid ó Bhéal agus lena cur i gcrích	7ú Eanáir 2019 go dtí 20ú Bealtaine 2019
An dáta deiridh ar a mbronntaíocht an múinteoir tuairiscíní o sealadach	Dé Céadaoin 22ú Bealtaine 2019
An dáta deiridh le haghaidh Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair	Dé hAoine 27ú Bealtaine 2019

Scríobhadh an t-eolas thíos chun aghaidh a thabhairt ar chruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair do mhúinteoirí NTI (Treoirínte Measúnaithe, lch 11).

### Soiléireacht do Mhúinteoirí NTI

#### Cás 1: Má tá tú ag teagasc i scoil le níos mó ná múinteoir amháin sa nuatheanga iasachta atá i gceist:

- Moltar go bpléifeadh múinteoirí Nuatheangacha Iasachta an measúnú lena gcomhghleacaithe, agus go bpleanálfaidís an teagasc agus an t-athbhreithniú le chéile. Beidh sé tábhachtach na hamanna agus na dátaí chun tabhairt faoin measúnú a shocrú a luaithe agus is féidir.
- Moltar go socrófaí dáta le haghaidh cruinníú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le haghaidh teanga shonrach ag an tús ar fad chun cabhrú leis an Measúnú Rangbhunaithe a phleanáil, a chur i bhfeidhm agus a athbhreithniú.
- Tar éis don scoil an dáta sin a shocrú, beidh na múinteoirí agus na scoláirí in ann ullmhú chun an Measúnú Rangbhunaithe Cumarsáid ó bhéal a chur i gcrích.

#### Cás 2: Má tá tú ag teagasc i scoil le múinteoir amháin sa nuatheanga iasachta atá i gceist:

- Moltar go bpléifeadh an múinteoir na socruithe measúnaithe lena éascaitheoir/le lucht bainistíochta na scoile ag féachaint le dul i dteagmháil le múinteoirí na nuatheanga iasachta céanna i scoileanna eile, atá gar dóibh más féidir, agus comhordú leo.

- Is féidir leis an múinteoir aon teagasc agus foghlaim a theastódh a phleanáil ansin agus, lena chomhghleacaithe ó scoileanna eile, dáta a chomhaontú do chruinniú Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le haghaidh teanga shonrach.
- Moltar go socrófaí dáta le haghaidh an Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ag an tús ar fad.
- Nuair is féidir, ba cheart do scoil amháin an cruinniú Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a reachtáil, agus ba cheart don scoil sin an t-éascaitheoir a sholáthar freisin. Má úsáidtear scoil, ba cheart láthair an chruinnithe a athrú ó scoil go scoil gach bliain.

**Cás 3: Más múinteoir nuatheanga iasachta thú nach bhfuil ag teagasc cohórt scoláirí faoi láthair atá ag dul dá Measúnú Rangbhunaithe (lucht an dara bliain):**

- Is féidir leat a bheith rannpháirteach i gcruinniú Athbhreithnithe ar Foghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair le comhghleacáí/ithe, cé nach mbeadh samplaí d'obair scoláirí agat le tabhairt leat chuig an AFMÁ.
- Moltar duit dul i dtaithe ar na Gnéithe Cáilíochta don MRB.
- Moltar duit breathnú ar shamplaí d'obair scoláirí ar [curriculumonline.ie](http://curriculumonline.ie)



## Na Gnéithe Cáilíochta do MRB 1: Cumarsáid ó bhéal

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair Cumarsáid ó Bhéal. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfeadh lena mheas cén ceann de na tuairiscíní thíos is fearr a oireann d'obair an scoláire: Tá siad ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, úsáideoir bunúsach) den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha. Líonfaidh an scoláire cumarsáid ó bhéal isteach i dtreo dheireadh bhliain a dó agus beidh na hionchais maidir leis an gcaighdeán a bhainfidh sé amach ag leibhéal a bheidh oiriúnach dá aois agus dá thairbhí ag an gcéim sin ina chuid foghlama teanga sa tsraith shóisearach. (Treoirlínte Measúnaithe, lch 16)

### Na Gnéithe Cáilíochta: Cumarsáid ó bhéal sa sprioctheanga

<p><b>Thar barr ar fad</b></p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar.</p>	<p><b>Táirgeadh labhartha:</b> tá cumarsáid an scoláire an-soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra maith</p> <p><b>Idirghníomhú labhartha:</b> tuigeann an scoláire agus tugann sé freagra soiléir gan aon iarracht mhíchuí ar cheisteanna/leideanna</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> taispeánann an scoláire feasacht an-mhaith maidir le patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú mar is cuí</p>
<p><b>Os cionn na n-ionchas</b></p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghnéithe áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p><b>Táirgeadh labhartha:</b> tá cumarsáid an scoláire soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra réasúnta</p> <p><b>Idirghníomhú labhartha:</b> taispeánann an scoláire tuiscint mhaith agus tugann sé freagra soiléir ar cheisteanna/leideanna a chuirtear in iúl go mall agus go soiléir</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> taispeánann an scoláire roinnt feasachta maidir le patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú anois is arís</p>
<p><b>Ag teacht leis na hionchais</b></p> <p>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó.</p>	<p><b>Táirgeadh labhartha:</b> tá cumarsáid an scoláire sách soiléir le go dtuigfí í, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra teoranta</p> <p><b>Idirghníomhú labhartha:</b> taispeánann an scoláire roinnt tuisciana agus tugann sé freagra soiléir, den chuid is mó, ar cheisteanna/leideanna fad is a chuirtear in iúl iad go mall agus go soiléir</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> taispeánann an scoláire feasacht theoranta maidir le patrúin agus gnásanna teanga</p>
<p><b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b></p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnamh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p><b>Táirgeadh labhartha:</b> tá cumarsáid an scoláire teoranta d'fhocail agus frásaí an-bhunúsach</p> <p><b>Idirghníomhú labhartha:</b> is beag tuisciana a thaispeánann an scoláire ar cheisteanna/leideanna nó ní thugann sé freagra ach go beag ar cheisteanna/leideanna a chuirtear in iúl go mall agus go soiléir</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> ní thaispeánann an scoláire feasacht ach go beag más ann dó in aon chor maidir le patrúin agus gnásanna teanga</p>


## MRB 1: Tuairiscín Sealadach a Bhronnadh

Agus sinn ag úsáid Gnéithe Cáilíochta chun tuairiscín a bhronnadh, tosaímid leis an tuairiscín **Nár chomhlíon na hionchais fós**. Má chomhlíonann cumarsáid ó bhéal an scoláire na gnéithe uile, bogaimid chuig an chéad tuairiscín eile agus mar sin de, go dtí go mbaintear amach tuairiscín a chuireann síos ar obair an scoláire “is fearr a oireann do cheann de na tuairiscíní” (Treoirlínte Measúnaithe, lch 15)

- Amharc siar ar shampla d’obair an scoláire, breac síos nótaí le linn an phróisis.
- Cuir sampla an scoláire i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta, ag gluaiseacht aníos ó tuairiscín **Nár chomhlíon na hionchais go fóill**.
- Bronn an tuairiscín is fearr a oireann do shampla an scoláire.

Uimhir Shampla an Scoláire	Notaí	Tuairiscín sealadach a bronnadh

Nótaí ar an bpróiseas chun na Gnéithe Cáilíochta a úsáid:



## Aiseolas agus Machnamh an Scoláire

Is céim an-tábhachtach é aiseolas éifeachtach a thabhairt ag úsáid MRB 1: Cumarsáid ó Bhéal chun tacú le foghlaim. Is féidir aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire agus ar réimsí le feabhsú a úsáid chun cabhrú lena gcuid foghlama amach anseo. Déanfaidh scoláirí tuilleadh machnaimh ar a gcuid foghlama agus scríobhfaidh siad machnamh scoláire ina mbeidh cur síos ar an ról a ghlac siad agus ar na hábhair nó foinsí a raibh teacht acu orthu le linn a gcuid ullmhúcháin chomh maith le machnamh pearsanta gairid ar a gCumarsáid ó Bhéal

### Aguisín A: Cumarsáid ó bhéal: Teimpléad le haghaidh Nóta ar Mhachnamh an Scoláire

SCOIL	SCOLÁIRE	
TOPAIC, RÓLIMIRT nó SPREAGTHACH		
An chaoi ar úsáid mé mo chuid foghlama teanga go dtí seo chun ullmhú don Mheasúnú Rangbhunaithe I gcomhair Cumarsáid ó Bhéai		
Machnamh pearsanta ar an gcumarsáid ó Bhéal		
Rud tábhachtach amháin a d'fhoghlaim mé ón tasc a dhéanamh:	Rudai a d'athróinn nó a dhéanfainn iarracht a fheabhsú:	
Scoláire	Múinteoir:	Dáta:

## Na Gnéithe Cáilíochta do MRB 2: Punann Teanga an Scoláire

Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfead lena mheas cén ceann de na tuairiscíní thíos is fearr a oireann d'obair an scoláire: Tá siad ag teacht den chuid is mó le banda A (A1 go A2, úsáideoir bunúsach) den Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha. **Cuireann an scoláire a phunann le chéile de réir a chéile agus roghnaíonn sé na téacsanna is fearr leis i dtreo dheireadh an chéad téarma, sa tríú bliain. Beidh na hionchais maidir leis an gcaighdeán a bhainfidh sé amach ag leibhéal a bheidh oiriúnach dá aois agus dá thaithí ag an gcéim sin ina chuid foghlama teanga sa tsraith shóisearach.**

### Na Gnéithe Cáilíochta: Punann Teanga an Scoláire

<p><b>Thar barr ar fad</b></p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo ar chaighdeán an-ard. Tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar.</p>	<p><b>Soiléire:</b> cuirtear smaointe in iúl go soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra maith</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> taispeánann an scoláire feasacht an-mhaith maidir le patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú mar is cuí</p> <p><b>Cultúr:</b> taispeánann téacs amháin ar a laghad feasacht iontach ar ghnéithe de thír/thíortha agus/nó chultúr na sprioctheanga</p>
<p><b>Os cionn na n-ionchas</b></p> <p>Saothar ina léirítear na gnéithe seo go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfaí aiseolas á rá gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.</p>	<p><b>Soiléire:</b> cuirtear smaointe in iúl go soiléir, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra réasúnta</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> taispeánann an scoláire roinnt feasachta maidir le patrúin agus gnásanna teanga agus déanann sé féincheartú go rialto</p> <p><b>Cultúr:</b> taispeánann téacs amháin ar a laghad feasacht mhaith ar ghnéithe de thír/thíortha agus/nó chultúr na sprioctheanga</p>
<p><b>Ag teacht leis na hionchais</b></p> <p>Saothar ina léirítear bunús na ngnéithe seo go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe, ach tá an obair inniúil den chuid is mó.</p>	<p><b>Soiléire:</b> cuirtear smaointe in iúl ar bhealach atá sách soiléir le go dtuigfead iad, le líofacht, cruinneas agus raon foclóra teoranta</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> taispeánann an scoláire feasacht theoranta maidir le patrúin agus gnásanna teanga</p> <p><b>Cultúr:</b> taispeánann téacs amháin ar a laghad roinnt feasachta ar ghnéithe de thír/thíortha agus/nó chultúr na sprioctheanga</p>
<p><b>Níor chomhlíon na hionchais go fóill</b></p> <p>Saothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na ngnéithe lena mbaineann. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnamh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.</p>	<p><b>Soiléire:</b> cuirtear smaointe in iúl ar bhealach an-teoranta, le beagán líofachta/cruinnis más ann dóibh in aon chor</p> <p><b>Feasacht teanga:</b> ní thaispeánann an scoláire feasacht ach go beag más ann dó in aon chor maidir le patrúin agus gnásanna teanga</p> <p><b>Cultúr:</b> ní thaispeánann na téacsanna ach beagán feasachta nó ní thaispeánann siad aon fheasacht ar ghnéithe de thír/thíortha agus/nó chultúr na sprioctheanga</p>




## MRB 2: Tuairiscín Sealadach a Bhronnadh

Agus sinn ag úsáid Gnéithe Cáilíochta chun tuairiscín a bhronnadh, tosaímid leis an tuairiscín **Nár chomhlíon na hionchais fós**. Má chomhlíonann punann teanga an scoláire na gnéithe uile, bogaimid chuig an chéad tuairiscín eile agus mar sin de, go dtí go mbaintear amach tuairiscín a chuireann síos ar obair an scoláire “is fearr a oireann do cheann de na tuairiscíní” (Treoirlínte Measúnaithe, lch 24 )

- Amharc siar ar shampla d’obair an scoláire, breac síos nótaí le linn an phróisis.
- Cuir sampla an scoláire i gcomparáid leis na Gnéithe Cáilíochta, ag gluaiseacht aníos ó tuairiscín **Nár chomhlíon na hionchais go fóill**.
- Bronn an tuairiscín is fearr a oireann do shampla an scoláire.

Uimhir Shampla an Scoláire	Notaí	Tuairiscín sealadach a bronnadh

Nótaí ar an bpróiseas chun na Gnéithe Cáilíochta a úsáid:



## Aiseolas agus Machnamh an Scoláire

Is céim an-tábhachtach é aiseolas éifeachtach a thabhairt ag úsáid MRB 2: Punann Teanga an Scoláire chun tacú leis an bhfoghlaim. Is féidir aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire agus ar réimsí atá le feabhsú a úsáid chun tacú lena gcuid foghlama amach anseo. Déanfaidh scoláirí tuilleadh machnaimh ar a gcuid foghlama agus scríobhfaidh siad machnamh scoláire.

### Aguisín B: Punann Teanga an Scoláire: Teimpléad le haghaidh Nóta ar Mhachnamh an Scoláire

SCOIL	SCOLÁIRE	
TEIDEAL nó TOPAIC:		
Roghnaigh mé an mhír téacs mar gheall...		
Mo mheasúnú ar mo chuid oibre:		
Cad a d'fhoghlaim mé ó chruthú an téacs/na míre seo:	Cad a dhéanfainn ar bhealach eile an chéad uair eile:	
Scoláire	Múinteoir:	Dáta:

## An Tasc Measúnaithe

Tá baint dhíreach ag an Tasc Measúnaithe leis an dara Measúnú Rangbhunaithe, le Punann Teanga an Scoláire. Tugann an scoláire faoi Thasc Measúnaithe scríofa atá le cur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena mharcáil. Cuimsítear dhá chéim sa Tasc Measúnaithe: ar an gcéad dul síos, ag gabháil do phíosa ábhar spreagthach chun ullmhú don tasc scríofa; agus ansin, machnamh a dhéanamh ar a thaithí mar fhoghlaimoir teanga agus scríobh faoin taithí sin. Toisc gurb é príomhaidhm an Tasc Measúnaithe an scoláire a spreagadh chun machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas foghlama teanga, beidh na ceisteanna agus na freagraí sa teanga scolaíochta.

Cuimseoidh an Tasc Measúnaithe roinnt de na nithe seo a leanas nó gach ceann díobh:

- Oibriú le spreagthach gearr i bhformáid amhairc, scríofa, fuaime nó chlosamhairc chun ullmhú don tasc scríofa.
- Tasc scríofa ina dtástálfar an scoláire maidir le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas:
  - an cumas atá aige/aici breac-chuntas a thabhairt agus/nó plé a dhéanamh ar an taithí atá aige/aici Punann Teanga an Scoláire a chur le chéile
  - a thuiscint ar an taithí sin agus a mheastóireacht uirthi
  - a chumas chun machnamh a dhéanamh ar na scileanna a d'fhorbair sé
  - a thuiscint ar ghné chultúrtha de thír na sprioctheanga, mar a fhiosraítear é i dtéacs amháin nó níos mó de Phunann Teanga an Scoláire.



## Comhoibriú á chur i nGníomh: Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair


Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuisctint ar chaighdeáin na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, áit a dtabharfaidh na comhaltaí foirne samplaí d'obair scoláirí isteach agus a gcuirfidh siad a mbreithiúnais féin i gcomparáid le breithiúnais comhghleacaithe eile, le samplaí anótáilte d'obair scoláirí arna gcur ar fáil ag CNCM. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach. (Treoirlínte Measúnaithe, lch 17).

### An Próiseas AFMÁ

Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht an scoláire a mheas ar bhonn comhsheasmhach. Taifeadfar samplaí de Chumarsáid ó Bhéal na scoláirí a úsáidfear i gcomhair plé ag na cruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Teastóidh sampla ó gach ceann de cheithre leibhéal na dtuairisceoirí, nuair is féidir, chun na críche sin. Féadfar aon fhearas taifeadta fuaimne nó closamhairc atá ar fáil sa scoil, ar nós táibléid, fón póca, ríomhaire glúine nó físcéamara, a úsáid chun na críche sin. Ba chóir aird a thabhairt ar threoirínte cosanta leanaí fad is atá an taifeadadh ar siúl agus go mbeadh sé ag teacht le beartas úsáide inghlactha na scoile. Is féidir teacht ar thuilleadh sonraí faoin gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh ann san Aguisín agus tá siad ar fáil ar líne ar [www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/slar-meetings](http://www.ncca.ie/en/junior-cycle/assessment-and-reporting/slar-meetings)

### Taithí a fháil ar an bPróiseas AFMÁ

Feicfidh tú Cruinniú AFMÁ faoi lán seoil. Déanfaidh gach grúpa machnamh ar an AFMÁ trí lionsaí éagsúla. Breathnaigh ar an sliocht tríd an lionsa a tugadh do do ghrúpa, agus breac síos nótaí lena linn. Ansin, roinn do chuid smaointe le do ghrúpa.



## Treoiríníte do Chruinniú AFMÁ

Cuireann cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair ar chumas múinteoirí comhleanúnachas a bhaint amach ar bhonn comhoibríoch ina mbreithiúnais ar obair an scoláire i gcoinne Gnéithe Cáilíochta coiteanna, a leagtar síos go seachtrach. Forbrófar tuiscint níos mó ar chaighdeán agus ar ionchais thar am, de réir mar a thiocfaidh múinteoirí le chéile i bplé gairmiúil chun machnamh a dhéanamh ar chaighdeán oibre a scoláirí féin, bunaithe ar an tsonraíocht ábhair, treoiríníte measúnaithe agus ábhar tacaíochta eile lena n-áirítear samplaí anótáilte d'obair scoláirí a sholáthróidh an CNCM.

### Forbhreathnú

Tá an próiseas athbhreithnithe dírithe ar mhúinteoirí a bhíonn ag plé obair scoláirí ag cruinnithe struchtúrtha. Beidh sé ina chuidiú mór ag múinteoirí chun tuiscint a fhorbairt ar chaighdeán agus ar ionchais trí chur ar a gcumas machnamh a dhéanamh ar fhianaise obair na scoláirí agus chun na straitéisí foghlama agus teagaisc a chabhraíonn leis an obair sin a roinnt.

### Is iad seo a leanas cuspóirí an phróisis athbhreithnithe

- comhleanúnachas níos mó i mbreithiúnas múinteoirí
- aiseolas níos fearr do scoláirí
- breithiúnais a ailíniú níos fearr leis na caighdeáin a bhfuiltear ag súil leo agus a dheimhniú do thuismitheoirí agus do dhaoine eile go bhfuil na scoláirí ag fáil aitheantas iomchuí dá gcuid éachtaí ar aon dul le caighdeán agus le hionchais.

Beidh an t-am a ghlacfaidh cruinnithe athbhreithnithe le fáil i bhféilire na scoile sa 22 uair an chloig de thréimhse ghairmiúil a thugtar do gach múinteoir lánaimseartha gach bliain. Leithdháilfidh bainistíocht na scoile dhá uair an chloig breise ar mhúinteoir amháin (éascaitheoir) as gach ábhar chun ullmhú i gcomhair gach cruinnithe athbhreithnithe agus iad a chomhordú. Rothlófar an ról sin de ghnáth i measc na múinteoirí ábhartha.

### Maidir le gach cruinniú:

- beidh sé sainiúil don ábhar
- mairfidh sé dhá uair an chloig ar fad
- tarlóidh se ag am chomh gar agus is féidir do chur i gcrích an Mheasúnaithe Rangbhunaithe
- clúdóidh sé athbhreithniú ar obair scoláirí a bhainfidh le Measúnú Rangbhunaithe ar leith.

Nuair nach mbíonn ach múinteoir amháin ag ábhar i scoil, féadfar éascaíocht a dhéanamh don mhúinteoir chun páirt a ghlacadh i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair i scoil eile. I gcás scoil lán-Ghaeilge, is féidir leis an múinteoir ábhair amháin sin a bheith rannpháirteach i gcruinniú Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair i scoil lán-Ghaeilge eile.

### Treoir an Éascaitheora

Is ar bhonn rothlach a chomhlíonfaidh múinteoirí ról an éascaitheora i rith na gcruinnithe Athbhreithnithe ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Déanfaidh an t-éascaitheoir samháltú ar cheistiú éifeachtach i rith an phlé ar na samplaí d'obair scoláirí ag díriú ar a fheabhas a mheaitseálann obair scoláirí na Gnéithe Cáilíochta. I rith cruinnithe athbhreithnithe, nuair nach léir go follasach cén tuairiscín a ba cheart a úsáid, ba cheart don ghrúpa an fhianaise a chuardach in obair an scoláire a mheaitseálann gach ceann nó beagnach gach ceann de na Gnéithe Cáilíochta a bhaineann le tuairiscín faoi leith. Cuireann an cur chuige seo 'an rogha

is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairiscín is fearr a roghnú a mheaitseálann 'ar an iomlán' an obair atá á meas. Cuirfidh an t-éascaitheoir tuairisc ghearr (féach Aguisín D) den chruinniú athbhreithnithe isteach chuig príomhoide na scoile. Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh torthaí grúpa scoláirí atá á meas ag leanúint aon phatrúin dáileacháin ar leith, de bhrí nach bhfuiltear ag meas obair an scoláire ach in éadan na nGnéithe Cáilíochta seachas obair scoláirí eile.

### Roimh an gcruinniú

Mar chéad chéim, b'fhéidir gur cabhair é do mhúinteoirí athbhreithniú a dhéanamh ar **shamplaí anótáilte ábhartha CNCM** sula ndéanfaidh siad cinntí ar obair a gcuid scoláirí féin.

A luaithe is a bhíonn an Measúnú Rangbhunaithe déanta ag scoláirí, déanfaidh an múinteoir **measúnú sealadach** ar obair scoláirí bunaithe ar na Gnéithe Cáilíochta. B'fhéidir go n-athrófaí na measúnuithe sealadacha sin de thoradh an phlé ag an gcruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair.

Breacfaidh an múinteoir síos nóta den tuairisceoir a bronnadh ar gach scoláire agus pointe ar bith eile ar mhaith leo tagairt dó nó a mheasann siad a bheith úsáideach le linn nó i ndiaidh an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Is ar mhaithe lena chuid oibre féin a dhéanfaidh an múinteoir sin.

Mar ullmhúchán don chruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair **aimseoidh** an múinteoir **sampla amháin d'obair an scoláire do gach tuairisceoir**, más féidir é, agus beidh siad sin leis lena bplé ag an gcruinniú.

### Le linn an chruinnithe

Is é an t-éascaitheoir a threoraíonn an cruinniú agus a choinníonn taifead ar na cinntí a dhéantar ar theimpléad, a úsáidtear chun tuairisc ar an gcruinniú a scríobh (féach Ich. 27) Moltar go leanfadh an cruinniú an leagan amach seo a leanas de ghnáth:

- Míníonn an t-éascaitheoir gurb é cuspóir an cruinniú ná tacaíocht ar mhaithe le comhsheasmhach madair le bhreithiúnas obair scoláirí agus chun tuiscint chomónta ar cháilíocht foghlama an scoláire a fhorbairt. Is cóir béim a leagan chomh maith ar fhiúntas an chruinnithe chun aiseolas a thabhairt do scoláirí ar an mbealach lena gcuid oibre a fheabhsú.

Iarrann an t-éascaitheoir ar bhall amháin foirne sampla d'obair a mholann siad mar obair '**Nár chomhlíon na hIonchais Fós'** a chur i láthair.

- I ndiaidh chur i láthair gairid an mhúinteora, treoraíonn an t-éascaitheoir plé ginearálta ar oiread a thagann obair an scoláire leis na Gnéithe Cáilíochta ábhartha. Má ghlacann rannpháirtithe an chruinnithe leis an mbreithiúnas, breacann an t-éascaitheoir síos a nóta sin ar thaifead an chruinnithe.
- Áit nach n-aontaítear, is ceart don éascaitheoir tagairt a dhéanamh do shamplaí anótáilte d'obair scoláirí a chuir an CNCM ar fáil agus, más féidir é, cúpla sampla eile d'obair scoláirí a ndearna múinteoirí eile sa ghrúpa measúnú orthu agus ar bronnadh an tuairisceoir sin orthu.
- Ba chóir go mbeadh an t-éascaitheoir in inmhe comhaontú a fháil le linn an phlé ar na samplaí ach is ceart an bhéim a chur ar eolas gairmiúil agus scileanna múinteoirí a fhorbairt seachas ar gach duine a bheith d'aon ghuth faoi gach Gné Cáilíochta i ngach sampla.
- Ba chóir gur ar an gcur chuige 'na rogha is oiriúnaí' a leagtar béim agus breithiúnais á ndearbhú le linn na gcruinnithe athbhreithnithe - rud a ligeann do mhúinteoirí aontú ar an tuairiscín arb é 'ar an iomlán' is oiriúnaí don obair atá á meas.

- Cé gur chóir tréimhse réasúnta ama a chaitheamh ar an bplé, ba chóir don éascaitheoir a bhreithiúnas gairmiúil féin a úsáid chun cinneadh dul ar aghaidh chuig an gcéad sampla eile.
- Más féidir é, ba chóir ar a laghad dhá shampla de gach tuairiscín a phlé agus ba chóir don éascaitheoir a chinntiú go ndéantar plé ar cheann amháin, ar a laghad, de shamplaí gach múinteora le linn an crinniú.
- Déantar an próiseas seo arís, agus na samplaí a mheastar faoi Ag teacht leis na hlonchais, Os cionn na nlonchas agus Thar barr ar Fad a bheith á bplé agus á roinnt sa ghrúpa. Ag deireadh an chruinnithe, déanann an t-éascaitheoir achoimre ghairid ar na príomhphointí a pléadh.
- Tá sé tábhachtach go ndéanann gach múinteoir nóta d'impleachtaí na gcinntí a rinneadh le linn an chruinnithe don chuid eile d'obair na scoláirí a ndearna siad breithiúnas uirthi cheana, go háirithe i gcás na dtuairiscíní nach raibh a mbreithiúnas ag teacht le dearcadh fhormhór na múinteoirí ag an gcruinniú.

## **Tar éis an chruinnithe**

Tar éis an chruinnithe, cíorann gach múinteoir an measúnú atá déanta acu ar obair a gcuid scoláirí bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanann siad na coigeartuithe cuí dá gcuid measúnuithe sealadacha.

Tar éis an chruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, seolann an t-éascaitheoir an tuairisc isteach ón gcruinniú atá dírithe ar thorthaí an phlé ar obair an scoláire ag an gcruinniú AFMÁ chug an bpríomhoide.

Is féidir leis an éascaitheoir a iarraidh ar mhúinteoirí, más mian leo, cuid d'obair na scoláirí a chur isteach i mbanc samplaí:

- Chun tacú le hionduchtú múinteoirí nua
- Chun tacú le cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair amach anseo
- Chun úsáid le scoláirí agus le tuismitheoirí agus caighdeán na hoibre a baineadh amach á léiriú.

## Ag Roinnt Samplaí le haghaidh an Cruinniú Athbhreithniú ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair

Ba cheart do gach múinteoir scoláirí dara bliana ceithre shampla d'obair scoláire a chur ar fáil le haghaidh an Cruinniú Athbhreithniú ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair. Más féidir é, ba cheart go mbeadh sampla amháin ó gach ceann de na ceithre tuairiscíní i measc na samplaí seo. Úsáidfear an t-eolas seo chun clár a dhéanamh le haghaidh an chruinnithe don Athbhreithniú ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair (AMFÁ) a bheidh againn amach anseo. Ar eagla nach mbíonn go leor ama againn chun na samplaí uile a phlé, cuir uimhir le do thoil ó 1 go 4 ar na píosaí, áit a gciallaíonn 1 an sampla is mó ar mhaith leat a phlé.

Tabhair do shamplaí oibre in éineacht le cóip den teimpléad seo do d'éascaitheoir AFMÁ ar nó roimh an dáta socruithe

<b>Obair Scoláire do Chruinniú AFMÁ: Teimpléad Múinteora</b>	
<b>Ainm an Éascaitheora:</b>	
<b>Ainm an Mhúinteora:</b>	
<b>Sampla 1</b>	<b>Formáid:</b> <b>Topaic/ Tideal:</b> <b>Tuairisceoir sealadach:</b> <b>Sampla roinnte trí:</b> <b>An rogha le húsáid ag AFMÁ:</b> <input type="checkbox"/>
<b>Sampla 2</b>	<b>Formáid:</b> <b>Topaic/ Tideal:</b> <b>Tuairisceoir sealadach:</b> <b>Sampla roinnte trí:</b> <b>An rogha le húsáid ag AFMÁ:</b> <input type="checkbox"/>
<b>Sampla 3</b>	<b>Formáid:</b> <b>Topaic/ Tideal:</b> <b>Tuairisceoir sealadach:</b> <b>Sampla roinnte trí:</b> <b>An rogha le húsáid ag AFMÁ:</b> <input type="checkbox"/>
<b>Sampla 4</b>	<b>Formáid:</b> <b>Topaic/ Tideal:</b> <b>Tuairisceoir sealadach:</b> <b>Sampla roinnte trí:</b> <b>An rogha le húsáid ag AFMÁ:</b> <input type="checkbox"/>



**Ord Reatha na Samplaí le haghaidh an Cruinniú Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair**

**Ord Reatha AFMÁ NTI**

Ainm an mhúinteora	Sampla a Bailíodh	Tuairisceoir Sealadach 'Thar Barr'	Tuairisceoir Sealadach 'Os cionn na nlonchas'	Tuairisceoir Sealadach 'Ag Teacht le hIonchais'	Tuairisceoir Sealadach 'Nár chomhlíon na hionchais go fóill'

Éascaitheoir: \_\_\_\_\_

Dáta an ÁFMA: \_\_\_\_\_

## Téarmaíocht na Sraithe Sóisearaí

### Tasc Measúnaithe (TM)

Is tasc scríofa é an Tasc Measúnaithe a dhéanann scoláirí le linn am ranga, agus nach marcálann an múinteoir ranga, ach a chuirtear chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit le haghaidh mharcála. Is é an CNCM a shonraíonn ábhar an Taisc Mheasúnaithe agus baineann sé leis na torthaí foghlama ar a mbunaítear an dara Measúnú Rangbhunaithe.

### Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBnna)

Is é an cur síos is fearr ar Mheasúnuithe Rangbhunaithe gur ócáidí iad nuair a dhéanann an múinteoir measúnú ar na scoláirí ag úsáid na saintascanna a leagtar amach i sonraíocht an ábhair. Déantar cur síos soiléir ar na tascanna faoi mar a dhéantar ar na critéir don mheasúnú chun tacú le breithiúnas múinteoirí. Tá na critéir le fáil sna Gnéithe Cáilíochta a bhíonn nasctha le gach Measúnú Rangbhunaithe. Cé go bhfuil cosúlacht aige leis an measúnú foirmitheach a tharlaíonn gach lá sa seomra ranga, i gcás an Mheasúnaithe Rangbhunaithe déantar breith an mhúinteora a thaifead le haghaidh an Athbhreithnithe ar Mheasúnú agus ar Fhoghlaim Ábhair, agus úsáidtear é i dtuairiscíú na scoile do thuismitheoirí agus do scoláirí.

### Gnéithe Cáilíochta

Tacaíonn na gnéithe cáilíochta le breithiúnas scoláirí agus múinteoirí ar na Measúnuithe Rangbhunaithe agus is iad na critéir a úsáidfidh múinteoirí chun píosaí de shaothar scoláirí a mheas.

### Measúnú Foirmitheach

De réir mar a thugtar isteach níos mó measúnú foirmitheach mar ghnáthchuid den teagasc agus den fhoghlaim i seomraí ranga beidh sé sin mar bhonn agus mar thaca ag an tSraith Shóisearach. Sa mheasúnú foirmitheach, bíonn múinteoirí agus scoláirí ag machnamh conas atá an fhoghlaim ag dul chun cinn agus ag cinneadh ar na chéad chéimeanna eile chun torthaí rathúla a chinntiú. Is cuid ríthábhachtach den mheasúnú foirmitheach an t-aiseolas a thugann múinteoirí dá gcuid scoláirí. Trí réimse de ghníomhaíochtaí measúnaithe, cabhraíonn an múinteoir leis an scoláire an méid atá bainte amach aige a aithint agus an áit ar féidir tuilleadh foghlama agus forbartha a dhéanamh. Chun an cineál foghlama a fheictear thuas a éascú, forbróidh ról an mhúinteora agus dinimic na hidirghníomhaíochta idir an múinteoir agus an scoláire. Cuirfidh múinteoirí níos mó béime ar mheasúnú a fhí isteach ina gcuid teagaisc chun gur fearr an mhonatóireacht a dhéanfaidh siad ar dhul chun cinn scoláirí ina gcuid foghlama agus a aithneoidh siad conas is féidir leo cabhrú le scoláirí machnamh ar a gcuid foghlama agus anailís chriticiúil a dhéanamh uirthi.

### Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí

Tabharfaidh an PGSS aitheantas do ghnóthachtáil trasna na réimsí foghlama uile de réir mar a oireann: Ábhair, Gearrchúrsaí, Folláine, Aonaid Tosaíochta Foghlama, Réimsí eile foghlama. Beidh an PGSS bainteach le gnóthachtáil sna heilimintí measúnaithe uile agus tuairisceoidh sé orthu, eilimintí lena n-áirítear measúnú leanúnach, foirmitheach; Measúnú Rangbhunaithe; agus gráid an CSS a chuimsíonn torthaí ó scrúduithe stat-teistithe agus Tascanna Measúnaithe. Socrófar ar bhonn náisiúnta leagan amach an PGSS. Cuirfidh an scoil le chéile é agus gheobhaidh scoláirí é san fhómhar i ndiaidh an tríú bliain, nuair a bheidh torthaí uile measúnaithe ón CSS agus ón scoil ar fáil agus deimhnithe.

### Intinní Foghlama

Intinn Foghlama: Is ráiteas é an intinn foghlama do cheacht nó do shraith ceachtanna, ráiteas a chruthaíonn an múinteoir, a chuireann síos go soiléir ar an rud is mian leis an múinteoir a bheidh ar eolas ag na scoláirí, a thuigfidh siad agus a bheidh siad ábalta a dhéanamh de thoradh na ngníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc.

### Toradh Foghlama

Is ráitis i sonraíochtaí curaclaim iad na Torthaí Foghlama a chuireann síos ar an tuiscint, na scileanna agus na luachanna a ba chóir do scoláirí a bheith ábalta a léiriú i ndiaidh tréimhse foghlama.

## **Cruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair (AFMÁ):**

I gcruinnithe don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair, roinnfidh agus pléifidh múinteoirí samplaí dá gcuid measúnuithe ar obair scoláirí agus tiocfaidh siad ar chomhthuiscint ar cháilíocht fhoghlaim scoláirí. Beidh gach cruinniú don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair sainiúil don ábhar agus díreoidh sé ar Mheasúnú Rangbhunaithe a dhéanann an bliainghrúpa áirithe.

### **Critéir Ratha:**

Tá ceangal idir critéir ratha agus intinní foghlama. Is é an múinteoir agus/nó an scoláire a cheapann iad agus cuireann siad síos ar an gcuma a bheidh ar obair rathúil. Cabhraíonn siad leis an múinteoir agus leis an scoláire breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht fhoghlaim scoláirí.

### **Measúnú Suimitheach:**

Is rud suimitheach é an measúnú nuair a úsáidtear é chun measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim scoláire ag deireadh an phróisis teagaisc nó tréimhse foghlama. Is é is cuspóir dó ná achoimre a thabhairt ar ghnóthachtáil na scoláirí agus a shocrú cé acu agus cé chomh fada a thaispeáin siad tuiscint ar an bhfoghlaim sin trína cur i gcomparáid le critéir ratha chomhaontaithe nó le gnéithe cáilíochta.



## Amlíne do NTI na Sraithe Sóisearaí (Cohórt 2017-2020)

Anseo thíos gheobhaidh tú amlíne don chohórt reatha do scoláirí NTI. Athraíonn na príomhdhátaí do gach cohórt agus eiseoidh a n CNCM iad gach bliain

